



**Eispéireas na nIar-dhaltaí
de chuid an Ghaeloideachais i mBéal Feirste
ar Bhreisoideachas agus ar Ardoideachas, ar Thraenáil
agus ar Fhostaíocht
1970aidí – an lá inniu**

Tuairisc ar an taighde
Janet Muller

Bealtaine 2018

POBAL,
13-3ú hurlár
Muileann Abhainn Bheara
81 Bóthar Chluanaí
Béal Feirste,
BT12 7AE
Teil: +44 (0)77 13 630325 - R-phost: jmuller@pobal.org; eolas@pobal.org - www.pobal.org



Comhairle Chathair
Bhéal Feirste

Ábhar

- 1.** Cén fáth an taighde seo?
- 2.** Téarmaí tagartha
- 3.** Ceisteanna Taighde
- 4.** Líon na nDaltaí – roinnt dúshlán staitistiúil
- 5.** Modheolaíocht an Suirbhé
- 6.** Freagraí agus scoileanna
- 7.** Má fhreastail na hiar dhaltaí ar scoileanna Béarla chomh maith le Gaelscoileanna, cad iad na scoileanna Béarla ar fhreastail siad orthu?
- 8.** Eolas faoi chóid poist
- 9.** Inscne na bhfreagróirí
- 10.** Aois na bhfreagróirí
- 11.** Úsáid na Gaeilge
- 12.** Breis agus Ardoideachas agus Traenáil
- 13.** Teanga na gcúrsaí
- 14.** Fostaíocht ó fhágáil na scoile agus teideal gach phoist
- 15.** Taithí san Áit Oibre
- 16.** Teanga na Láithreach Oibre
- 17.** Tréimhsí na dífhostaíochta
- 18.** Tátail an taighde
- 19.** Moltaí
- 20.** Buíochas

1. Cén fáth an taighde seo?

Tá ganntanas sonraí bunlíne ar fáil i dtaca le hoideachas, traenáil agus stádas fostaíochta iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais i mBéal Feirste (agus in áiteanna eile), cé go bhfuil sé anois 45 bliana ó osclaíodh doirse an chéad bhunscoile, Bunscoil Phobail Feirste. Is iomaí forbairt dhearfach a tharla ó shin, agus tá sé soiléir go bhfuil an Gaeleoidéachas ina ghné thábhachtach, sheanbhunaithe dár gcóras oideachais, cé go mbíonn go fóill easpa tacaíochta straitéisí ann dó. Thig le taighde dírithe ar bhailiú na sonraí bunlíne cuidiú le dea-chleactas a fhorbairt i bpleanáil straitéiseach agus in acmhainniú an phobail sa chathair. In 2016-7, rinne POBAL iniúchadh agus anailís ar riachtanais na ngrúpaí Gaeilge sa chathair. Le tógáil ar an obair seo, anois tá muid ag díriú ar thaithí iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais, maidir le traenáil, breisoideachas agus fostaíocht. Tá an taighde seo á mhaoiniú ag Comhairle Bhéal Feirste faoina chlár Acmhainniú an Phobail, agus cuirfidh sé áis thábhachtach eolais ar fáil d'oideachasóirí, d'áisíneachtaí stáit, do ghrúpaí Gaeilge, do sholáthróirí traenála agus daoine nach iad. Cuideoidh sé le hacmhainniú an phobail agus le neartú na hoibre leanúnaí atá ar siúl, deiseanna le réamhphleanáil a dhéanamh, leis an mhargadh fostaíochta a fhorbairt agus le cumas a mheaitseáil le riachtanais fostaíochta uilig san áireamh.

2. Téarmaí tagartha

D'fhás agus d'fhorbair an Ghaeloideachas sa chathair óna laethanta is luaithe, siar i 1971. Chinn muid go gcuimseodh ár dtaighde an oiread agus is féidir den taithí sin, agus mar sin, go dtiocfadh a chur san áireamh bailiú eolais ó na chéad pháistí a fuair a gcuid oideachais fhoirmeálta trí Ghaeilge suas go daltaí an lae inniu. Chomh maith leis sin, d'aithin muid nach raibh deis ag líon mhór d'iardhaltaí na cathrach leanúint ar aghaidh chuig iarbhunscolaíocht lán-Gaeilge go dtí lár na nóchaidí, agus mar gheall air sin, chinn muid taithí na ndaoine a fuair cuid ar bith dá gcuid oideachais trí Ghaeilge a chur san áireamh.

Tá anois ocht nGaelscoil lonnaithe taobh istigh do limistéar Chomhairle Bhéal Feirste, iarbhunscoil amháin, Coláiste Feirste, san áireamh. Sa taighde seo, dhírigh muid den cuid is mó ar an limistéar seo, ach d'aithin muid, thar an tréimhse a bhí i gceist againn, go dtiocfadh le teaghlach bogadh tí, go dtiocfadh le páistí bogadh scoile, go háirithe nuair a osclaítear bunscoileanna nua, rud a tharla i gcás

Gaelscoileanna na cathrach. Chomh maith leis sin, bíonn athruithe ar theorainneacha cathracha thar ama, agus mar an gcéanna le scoilcheantair na n-údarás oideachais. Ar na fáthanna sin, cuimsíonn an taighde dhá Ghaelscoil eile, Scoil na Fuiseoige atá lonnaithe i gCill Uaigh, agus Gaelscoil Éanna, Gleann Ghormlaithe.

3. Ceisteanna Taighde

Bheartaigh muid eolas bunlíne a bhailiú maidir le hoideachas, traenáil agus fostaíocht chohórt iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais sa chathair le go dtiocfadh le réimse d'fhorais ghaolmhara, mar shampla ranna rialtais, soláthraithe oideachais agus seirbhísí tacaíochta, tuiscint agus comhlíonadh níos fearr ar a chuid dualgas a bhaint amach. Tá tábhacht ar leith le Comhairle Bhéal Feirste, leis a chuid ról tábhachtach i bhforbairt eacnamaíochta, i gcaidrimh phobail agus i bpleanáil phobail.

D'fhiafraigh muid ó na freagróirí cé acu Gaelscoileanna agus nuair ba chúí, cé acu scoileanna Béarla a d'fhreastail siad orthu. Ach bhí muid ag iarraidh fáil amach chomh maith, cad é tharla dóibh nuair a d'fhág siad an scoil. Cad é mar a d'ullmhaigh an Gaeleideachais iad do shaol na fostaíochta? An raibh patrúin inbhraite sa traenáil, sa bhreiseoideachas, agus sna tréimhsí fostaíochta agus dífhostaíochta? An raibh bearnaí agus riachtanais ann ar féidir iad a chomhlíonadh ar bhealaí níos fearr?

D'fhiosraigh muid an raibh treochtaí sna cineálacha oibre a í raibh ár bhfreagróirí bainteach leo ó d'fhág siad an scoil. An raibh siad á gcruinniú le chéile i braislí socheacnamaíocha, nó i réimsí oibre ar leith? Le pictiúr níos soiléire a fháil air sin, chuir muid sraith de cheisteanna faoi theidil na bpost, fad agus inbhuanaitheacht na gcúig phost is tábhachtaí a bhí ag na freagróirí, dar leo. D'fhiafraigh muid chomh maith cad í príomhtheanga na n-áiteanna oibre, agus nuair a bhí an Ghaeilge in úsáid iontu, cé leo ar úsáideadh í.

Le cur leis an eolas seo, d'fhiosraigh muid ar úsáid na Gaeilge ag freagróirí ina saol pearsanta féin, agus má bhí sí á húsáid acu, cé leo. Cuid thábhachtach an taighde, riachtanais na n-iardhaltaí a shainithinti dtaca lena gcuid breiseoideachais, traenála agus fostaíochta. Ní bhíonn ann do na gnéithe seo i bhfolúntas, áfach, agus lorg

muid chomh maith anailís a dhéanamh ar a gcuid dearcthaí i leith na sochaí thart timpeall orthu maidir leis an Ghaeilge, agus cad iad mianta na bhfreagróirí.

Soláthraíonn an taighde seo sonraí bunlíne rí-thábhachtacha, nár bailíodh riamh roimhe. Tagann pictiúr amach de thorthaí an Ghaeloideachais atá beo bríomhar, éagsúil agus dearfach agus a dhéanfar a fheabhsú le gníomhartha spriocdhírthe ó réimse d'eochearearnálacha.

4. Líon na nDaltaí – roinnt dúshlán staitistiúil

Nuair a thosaigh POBAL ar an phíosa taighde seo ar dtús, thuig muid go bhféadfadh roinnt fadhbanna a bheith ann agus muid ar lorg líon deifnídeach na n-iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais atá anois ar aois na hoibre. Mar sin féin, chuir sé iontas orainn chomh teoranta agus teibí is a bhí an t-eolas a foilsíodh cheana féin faoi chohórt na ndaltaí i mBéal Feirste agus go deimhin, in áiteanna eile sna sé chontae. Bá é ceann de na fadhbanna is mó a thuar muid, nár aithin an Roinn Oideachais na Gaelscoileanna ar dtús. Níor tháinig an t-aitheantas seo i roinnt cásanna ach i ndiaidh tréimhse fhada ama, agus fiú nuair a d'athraigh an scéal seo, de ghnáth níor athródh sé go raibh líon ar leith de dhaltaí ar clár na scoile. Lena cois sin, cé gur bunaíodh an chéad bhunscoil i 1971, níor bunaíodh Comhairle na Gaelscolaíochta go 2000. Coinníonn an Chomhairle figiúir ón tréimhse sin chuige seo, níl staitisticí aici do líon na ndaltaí roimh 2000.

Mar sin, chuaigh muid i dteagmháil leis an Roinn Oideachais, ar lorg líon na ndaltaí ó Ghaelscoileanna i mBéal Feirste ó bunaíodh an chéad scoil, Bunscoil Phobail Feirste i 1971. Thuig muid dár ndóigh nach raibh iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge ar fáil sa chathair go dtí 1991, agus mar sin, thuig go mbeadh deireadh le Gaeloideachas do líon ar leith daltaí na mbunscoileanna a luaithe agus a chríochnaigh siad R7. D'iarr muid figiúirí faoi líon iomlán na ndaltaí a chríochnaigh a gcuid bunscolaíochta trí Ghaeilge go 1991, agus líon na ndaltaí a chríochnaigh iar-bhunscolaíocht trí Ghaeilge ina dhiaidh sin. Fuarthas an freagra seo ón RO,

The Department only has information to be able to track pupils' movements from primary school to post-primary school from the 2010/11 academic year.

Fuarthas ansin an t-eolas seo a leanas,

Líon na ndaltaí de chuid na bunscolaíochta Gaeilge taobh istigh d'iarlimistéar BELB a leanann le Gaeloideachas ag leibhéal na hiar bhunscolaíochta										
		2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15	2015/16			
Líon na ndaltaí i R7 i mbunscolaíocht Ghaeilge		122	125	142	138	123	135			
		2011/12	2012/13	2013/14	2014/15	2015/16	2016/17			
Ón chohórt seo, líon na ndaltaí a leanann le Gaeloideachas ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta	N	65	62	78	94	82	102			
	%	53.3%	49.6%	54.9%	68.1%	66.7%	75.6%			
Source: NI school census										
Notes:										
1. Data is based on pupils enrolled on Census day i.e. The Friday of the first full week in October (In 2016/17 this was the 7 October 2016)										
2. Cohort refers to P7 pupils that were in Irish medium schools or units in a school in the former Belfast Education and Library Board.										
3. A pupil is counted as staying on in Irish medium education if they attend an Irish medium school or unit in post-primary school in the subsequent year										
4. As numbers are quite small, data should be interpreted with caution to avoid drawing unwarranted conclusions from the data.										

Figióir 1

Mar gheall ar na bearnaí agus na deacrachtaí a bhaineann le bailiú staitisticí deifnídeacha, tharraing muid ar roinnt foinsí eile le heolas a léamh astu. San áireamh i gcartlann na Gaeilge de chuid Leabharlann Halla an Líneadaigh, tá bailiúchán de gearrtháin nuachtán a bhailigh Brighid Mhic Seáin, bunaitheoir Ghaeltacht Bhóthar Seoighe agus na chéad bhunscoile, Bunscoil Phobail Feirste.

Cuimsíonn na gearrtháin tuairiscí nuachtáin, den chuid is mó ón Irish News agus Ón Andersonstown News, faoi ghnéithe éagsúla an Ghaeloideachais. Taispeánann siad, mar shampla, faoi 1986, go raibh gá le dara bunscoil Ghaeilge i mBéal Feirste, mar gur dhiúltaíodh, de cheal spáis, áiteanna do fiche pháiste a d'fhéadfadh bheith ina ndaltaí de chuid na scoile. Foinse: Andersonstown News 6/9/1986.

Dara foinse na bhfigiúirí, is iad na tuairiscí ó Chigireacht Bhanríona Shasana. Is féidir iad a fháil ar shuíomh na Roinne Oideachais, ar

<https://www.etini.gov.uk/publications/type/inspectionreports>

Chomh maith leis sin, tá sé luaite sa Revised Education Enrolment Statistics Bulletin Feabhra 2018 de chuid an Roinn Oideachais, maidir leis na sé chontae:

More than 6,160 pupils participate in funded Irish medium education, with 4,939 pupils educated in dedicated Irish medium schools and pre-school settings and a further 1,229 pupils educated in Irish medium units attached to English-medium schools.

The total number of pupils in funded Irish medium education has steadily risen over time, increasing by almost 1,500 pupils since 2012/13 and more than 300 pupils since last year. Most of this increase is coming from greater enrolments in Irish medium schools rather than units.

Ní thugann an feasachán áfach briseadh síos ar na figiúirí de réir limistéir.

Mar atá léirithe thíos i bhFigiúr 2, tá faoi láthair 1,205 pháiste cláraithe le bunscoileanna Gaeilge taobh istigh d'iar-limistéar Bhord Oideachais agus Leabharlanna Bhéal Feirste. Freastalaíonn 326 pháiste eile ar dhá bhunscoil taobh amuigh den limistéar seo, Scoil na Fuiseoige (141 dhalta) agus Gaelscoil Eanna (185 dhalta), is é sin 1,531 pháiste cláraithe faoi láthair le bunscoileanna Gaeilge.

Bunscoil Primary	Baile Mór Town	R1 P1	R2 P2	R3 P3	R4 P4	R5 P5	R6 P6	R7 P7	Líon Iomlán Total No.
Bunscoil Mhic Reachtain	Béal Feirste	17	18	15	16	10	14	10	100
Bunscoil Phobal Feirste	Béal Feirste	51	54	43	42	42	34	36	302
Gaelscoil na bhFál	Béal Feirste	26	29	24	26	27	20	20	172
Bunscoil an tSléibhe Dhuibh	Béal Feirste	28	29	23	28	29	22	15	174
Bunscoil Bheann Mhadagáin	Béal Feirste	28	26	23	17	18	12	15	139
Scoil an Droichid	Béal Feirste	28	24	21	22	20	17	15	147
Gaelscoil na Móna	Béal Feirste	16	15	17	16	18	13	13	108
Gaelscoil an Lonnáin	Béal Feirste	9	9	10	8	14	9	4	63
Scoil na Fuiseoige	Cill Uaigh, Béal Feirste	21	27	20	15	21	22	15	141
Gaelscoil Eanna	Gleann Ghormlaithe	27	26	25	26	28	28	25	185

Figiúr 2

Mar a tagraíodh dó roimhe, cuireadh na scoileanna seo san áireamh mar, thar an tréimhse atá clúdaithe sa taighde, is féidir go mbogann teaghlaigh ó theach go teach, nó go n-aistríonn páistí ó scoil go scoil, go háirithe de réir mar a fhasann líon na mbunscoileanna Gaeilge nua. Chomh maith leis sin, is féidir go n-athraíonn teorainneacha na cathrach agus na n-údarás oideachais.

Léiríonn Figiúr 3 thíos líon agus céatadán na ndaltaí sa chathair a d'aistrigh ó bhunscoileanna Gaeilge go dtí iarbhunscoil Ghaeilge ó 2002-3 go 2017-8. Idir lúibíní, tá líon iomlán na ndaltaí nuair a chuirtear Gaelscoil Eanna agus Scoil na Fuisioige san áireamh. I gcás Ghaelscoil Eanna, an scoil is nua-bhunaithe, ba é an bhliain 2013-14 an chéad bhliain a shroich páistí R7.

Scoilbhliain School Year	Rang 7 P7	Bliain 8- Coláiste Feirste Year 8 – Coláiste Feirste	Céatadán / Percentage
02/03	120 (138)	84	70 (60.9)
03/04	106 (122)	105	99 (86.1)
04/05	115 (127)	91	79 (71.2)
05/06	111 (132)	106	95.5 (80.3)
06/07	144 (158)	89	61.8 (56.3)
07/08	136 (159)	99	72.8 (62.2)
08/09	143 (160)	82	57.3 (51.3)
09/10	125 (150)	90	72 (60)
10/11	122 (136)	86	70.5 (63.2)
11/12	125 (137)	76	61 (55.5)
12/13	142 (159)	75	52.8 (47.2)
13/14 *	151 (170)	94	62.3 (55.3)
14/15	131 (168)	111	84.7 (66.1)
15/16	135 (153)	103	76.3 (67.3)
16/17	124 (151)	124	100 (82.1)
17/18	128 (168)	102	79.7 (60.7)

Figiúr 3

* chéad bhliain ina raibh páistí R7 ag Gaelscoil Eanna

D'éirigh líon na páistí sa Ghaeloideachas ó naonúr i 1971 agus léiríonn sé fás seasta leanúnach. Is fiú tabhairt faoi deara chomh maith, go bhfuil céatadán suntasach de chohórt iomlán de dhaltáí de chuid an Ghaeloideachas sa tuaisceart ar scoil i ngaelscoileanna i mBéal Feirste. Tá sé soiléir mar sin go mbeidh institiúidí rialtasacha agus soláthraithe seirbhísí ag éirí teacht ar shonraí bunlíne a chuideoidh leo a gcur chuige láithreach agus sa todhchaí i dtaca le hacmhainniu an phobail agus le deiseanna díbhinn na héagsúlachta a chothú a threorú ar leas na cathrach san iomlán.

5. Modheolaíocht an Suirbhé

Ó na céimeanna is luaithe, d'aithin POBAL an tábhacht a bheadh leis an rannpháirt is leithne sa taighde a mhealladh. Sular dréachtaigh muid an suirbhé, reáchtáil muid sraith de cruinnithe le hoideachasóirí, le scoileanna, le hionadaithe na n-eochair-eagrás agus na n-eochairchoistí, chun ábhar ar leith spéise an taighde a aimsiú, le cuidiú linn i bhforbairt fhormaid an cheistneora is cuí agus leis an am den bhliain is fearr leis an togra a thosú is a chríochnú. I ndiaidh dúinn comhairle a fháil agus machnamh a dhéanamh, ba shoiléir an mhaise é gurbh fhearr bearna fada an tsamhraidh a sheachaint, cé go dtabharfadh sé seo níos mó ama le heolas a bhailiú agus le hanailís a dhéanamh air. Chinn muid tús a chur leis an taighde san fhómhar 2017, agus rún againn an próiseas bailithe eolais a dhruidim san Earrach 2018. Ar na daoine ar bhuaill muid leo leis an taighde a phlé, bhí Colma Mhic Aoidh ó Gaelchúrsaí, Eibhlín Mhic Aoidh and Seán Mac Corraidh ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire, agus Tarlach Mac Giolla Bhríde ó Chomhairle na Gaelscolaíochta. Chomh maith leis sin, choinnigh muid le tuairisciú chun data a dhéanamh maidir leis an taighde le CATOC, an coiste comhordaithe ar Oideachas, Áiseanna, Traenáil, agus Curaclam na Gaeilge, agus lorg muid a chuid tuairimí agus moltaí maidir leis an cheistneoir agus ábhar eile.

Le linn na gcainteanna seo, chinn muid ar shuirbhé leictreonach ar líne, mar go raibh an chuma air go mbeadh sé níos fusa do fhreagróirí a gcuid foirmeacha a chur ar ais chugainn. Thar bharr sin, d'aithin muid go dtiocfadh dó go mbeadh deacrachtaí againn dul i dteagmháil le roinnt dár spriocphobail seachas trí na meáin shóisialta agus trí obair fhorleathan phoiblíochta faoin taighde, agus mar sin gurbh é trí shuirbhé ar líne an rochtain ba leithne. Chomhairligh na scoileanna linn chomh maith

gurbh é seo an chur chuige is fearr, ní amháin leis na hiardhaltaí sna ceantair áitiúla a aimsiú ach le teacht orthu siúd a bhí imithe ag obair nó a chónaigh thar lear. Ina theannta sin, cé go raibh aoisghrúpaí éagsúla i gceist againn sa taighde, le roinnt de na chéad dhaltaí de chuid an Ghaeloideachais anois ina ndaichidí, ba léir dúinn, mar thoradh ar fhás na Gaelscolaíochta le blianta beaga anuas, go bhféadfadh formhór na freagróirí a bheith sna haoisghrúpaí níos óige, agus iad eolach ar na meáin leictreonacha agus ar a suaimhneas leo.

I ndiaidh dúinn labhairt le Príomhoidí agus foirne na nGaelscoileanna i gceantair Bhéal Feirste, thuig muid nach mbeadh ann d'aon bhealach simplí amháin le dul i dteagmháil le hiardhaltaí. Mar sin, d'iarr muid ar na scoileanna féin cuidiú linn leis an scéal a scaipeadh faoin taighde, ag cur eolais faoi chuig a bhfoirne féin, chuig daltaí agus chuig tuismitheoirí, trína gcuid 'Liostaí Siblíní', trí Facebook agus Twitter agus trí nuachtlitreacha na scoileanna srl. Rinne siad sin le croí mór maith agus ghlac siad páirt gníomhach sa phróiseas. Chomh maith le muid a chur i dtreo líon ard de theagmhálaithe úsáideacha, reáchtáil roinnt scoileanna seisiúin eolais le baill foirne a ndeachaigh iad féin fríd an Ghaeloideachas sa chathair, lena spreagadh leis an cheistneoir a líonadh agus leis an scéal a scaipeadh faoin taighde.

Ina theannta sin, rinne muid teagmháil le mórfhostóirí na Gaeilge, agus chuidigh siad féin go mór linn nuair a shocraigh siad deiseanna dúinn bualadh leis na fostaithe reatha s'acu féin a ndeachaigh fríd an Ghaeloideachas sa chathair, le go dtiocfadh linn an taighde a phlé leo. Tháinig cuid mhaith poiblíochta dearfaí óna cruinnithe seo, chomh maith le moltaí úsáideacha faoi cé eile a dtiocfadh linn labhairt leo.


Dar ndóigh, d'úsáid muid ár suíomh idirlín féin, Twitter agus leathanaigh Facebook leis an taighde a chur in iúl, agus le cinntiú go raibh sé furasta teacht ar naisc chuig an cheistneoir. Chuir muid le fios ar bharr sin go dtiocfadh linn naisc a sheoladh amach chuig daoine ar ríomhphost más mian leo é, le go mbeadh sé chomh simplí agus is féidir dóibh an suirbhé a líonadh isteach. Thapaigh roinnt daoine an deis seo le rannpháirt a ghlacadh sa taighde.

6. Freagraí agus scoileanna


Fuarthas 159 freagraí, agus 105 acu siúd (66.9%) ag teacht ó iardhaltaí de chuid an bhunscoil is fada bunaithe, Bunscoil Phobail Feirste. D'fhreastail 24 freagróirí

(15.3%) ar an dara bunscóil Feirsteach is fada bunaithe, Gaelscoil na bhFál. Tagann an briseadh síos seo ar fhreagraí le stair agus le comhdhéanamh earnáil na Gaelscolaíochta sa chathair, earnáil atá go fóill measartha óg. Tá sé tábhachtach a aithint i gcás na mbunscóileanna a bunaíodh níos déanaí go raibh líon i bhfad níos lú daltaí go dtí seo a bhain amach aois fágála scoile, Maidir le Gaelscoil Eanna, mar shampla, níor bhain na chéad daltaí R7 amach go 2013-4.

Ar bharr ar na freagraí a bhain le bunscóileanna éagsúla, fuarthas 70 freagra (44.6%) ó iardhaltaí de chuid Choláiste Feirste, iar-bhunscóil Ghaeilge Bhéal Feirste. Dar ndóigh, bheadh roinnt de na freagróirí seo san áireamh sna catagóirí eile mar a bhain le bunscolaíocht. Léiríonn Figiúir 4a agus 4b briseadh síos ar líon agus céatadán na bhfreagróirí de réir scoile.



Figíur 4a



Figíur 4b

7. Má fhreastail na hiar dhaltaí ar scoileanna Béarla chomh maith le Gaelscoileanna, cad iad na scoileanna Béarla ar fhreastail siad orthu?

Fuarthas freagra ó 92 freagróirí ar an cheist seo. Mar a luaíodh roimhe, ba é 1991 sular bunaíodh Meánscoil Feirste (anois Coláiste Feirste) le 9 ndalta, gníomh a chur ar chumas na bpáistí leanúint ó bhunscolaíocht go hiarbhunscolaíocht Ghaeilge. Is cúis inti féin í seo go mbeadh ar roinnt iardhaltaí freastal ar scoileanna san earnáil Bhéarla chomh maith. Mar sin féin, dúirt 24 fhreagróirí (26.1%) gur chríochnaigh siad a gcuid bhunoideachas agus iar-bhunoideachais go hiomlán trí mheán na Gaelscolaíochta sa chathair.

Ar na scoileanna Béarla éagsúla, a dtagraíonn freagróirí dóibh, tá:

St Mary's Glen Road

St Dominic's grammar school

St Genevieve's

St Malachy's

St Louise's

Little Flower Girls School

Lagan College

Aquinas diocesan grammar school

Dominican College Fortwilliam

Rathmore Grammar school

La Salle

St Gemma's

St Paul's High School Bessbrook

D'fhreastail roinnt iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais ar bhunscoileanna san earnáil Bhéarla, cé gur feiniméan neamhghnách é seo i gcomparáid leo siúd a d'fhreastail ar iar-bhunscoileanna Béarla. Ar na bunscoileanna Béarla a luaitear, tá St Anne's primary school, St Catherine's PS and St Mary's primary school Beechmount.

8. Eolas faoi chóid poist

Chuir muid ceist ar dhaoine cá háit a raibh cónaí orthu le linn a laethanta scoile. Fuarthas 152 fhreagra ó dhaoine ar an cheist seo, ach níor thug beirt acu eolas ar bith. Thug roinnt freagróirí an chéad chuid dá gcóid poist, ach níor thug an dara leath. Uathu sin a d'fhreagair, bhí fiche bogadh tí san iomlán ó chód poist amháin go ceann eile le linn na mblianta scoile, agus dúirt 5 fhreagróir gur bhog siad roinnt uaireanta, cuid acu chuig seoltaí taobh istigh den chid poist ginearálta céanna.

Chuir formhór na n-iardhaltaí fúthu i gcód poist BT11 le linn a dtréimhsí scoile (62 fhreagróir, 40.8%). Cuimsíonn an líon seo roinnt daoine a bhoga óna dteach taobh istigh den mhórchéantar BT11 agus daoine eile a bhog isteach chuige ó taobh amuigh. Chónaigh 36 fhreagróirí (23.7%) i BT12, chónaigh 27 bhfreagróirí (17.7%) in BT17, roinnt acu sin a bhog chuig an chód poist seo ó cheantair taobh amuigh de, chónaigh 15 daoine (9.9%) in BT14 agus chónaigh 4 daoine in BT15 (2.6%), chónaigh 4 daoine eile (2.6%) i BT29, agus chónaigh 5 daoine (3.3%) in BT7, leis an líon ceanna ag cur faoi in BT10. Chónaigh triúr fhreagróirí in BT5 agus triúr eile in BT9. Chónaigh beirt in BT35 agus beirt eile in BT36, chónaigh duine amháin in BT13 agus duine amháin eile in BT6. Léiríonn raon leathan na n-áiteanna cónaithe an tábhacht atá ann le soláthar cuí a chur ar fáil d'iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais fud fad na cathrach.

I dtaca leis an taighde seo, tá sé tábhachtach tabhairt fá dheara go dtaispeánann na daonáirimh agus taighde eile thar na blianta, go dtagann lucht labhartha na Gaeilge ó chúlraí socheacnamaíochta atá an-éagsúil. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil na scoileanna Gaeilge uilig ar fad lonnaithe i gceantair atá aitheanta mar cheantair faoi mhíbhuntáiste, agus bhí i dtólamh, tá sé dlisteanach le ceistiú an méid agus atá sé sin léirithe san eolas faoi chóid poist. De bhrí na hachair taistil a bhí le taisteal ag roinnt páistí le tairbhe a bhaint as an Ghaeloideachas, de bhrí na tréimhsí measartha fada a chuimsíonn an taighde, agus de bhrí na n-athruithe i gcúrsaí eacnamaíochta

agus sóisialta i gcodanna na cathrach ó na 1970aidí, gan tuilleadh saintaighde leis na ceisteanna seo a chíoradh, caithfear bheith cúramach faoi ráitis ró-ghinearálta a nascann cóid poist ar leith le Ranguithe Anáis. In 2017, nuair a rinne an nuashonrú is déanaí ar staitisticí, taispeánann na ranguithe curtha le gach ‘Super Output Area’ (SOA) éagsúlachtaí taobh istigh de na ceantair bharda, éagsúlachtaí nach mbeadh amhlaidh b’fhéidir nuair a bhí roinnt de na freagróirí sa taighde seo san oideachas lán-aimseartha.


Mar shampla, faoi láthair cuimsíonn na cóid poist BT11 (40.8% de na freagróirí) agus BT12 (23.7% de na freagróirí) na ‘Super Output Areas’ seo a leanas: Páirc na bhFál, Barr an Chluanaí, Gleann Cóilín, Bóthar an Ghleanna, Sruthán na Bantiarna, Baile Andarsan, Cluain Ard agus Ard na bhFeá. Ar an liosta a chum an Áisíneacht Staitisticí agus Taighde TÉ (NISRA) den chéad ‘SOA’ is mó atá faoi mhíbhuntáiste, tá 13 do na 100 ceantair is measa dar leis an liosta lonnaithe taobh istigh de na cóid poist seo.

Maidir le BT14 agus BT15, rangáitear an SOA ‘Oibreacha an Uisce 2’ sa dara háit is measa as céad, agus ceantair dhifriúla i limistéar Ard Eoin sa 4ú, 9ú agus 16ú háit is measa. Rangáitear 3 cheantar ar leith sa Lóiste Úr sa 7ú, 25ú agus 32ú áit is measa as céad. Tá BT5 agus BT7, ceantair eile a luaitear sa taighde seo ar liosta an chéad SOA is measa ó thaobh anáis de, chomh maith.


Aimsíonn an togra seo an gá atá le tuilleadh taighde ar na ceisteanna seo, taighde a dtiocfadh díriú ar anailís níos mionsonraithe ar eolas geografach nasctha le beartais frith-anáis, le pictiúr níos soiléire a thabhairt ar cad é mar a chuaigh gnéithe difriúla i bhfeidhm ar cheantair dhifriúla le himeacht ama. Mar shampla, le linn don tréimhse a gcuimsíonn an taighde seo í, is féidir gur athraigh teorainn bardaí agus modheolaíochtaí maidir le hinnéacsanna anáis a thomhais. Thiocfadh dó gur imir soghluaisteacht shóisialta tionchar, ar bharr sin. Mar sin féin, léiríonn an taighde go follasach go bhfuil géar-ghá le soláthar seirbhísí atá oiriúnach do riachtanais na n-iardhaltaí, agus ina theannta sin, le haitheantas ar na féidearthachtaí dearfacha a chruthaíonn iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais don mhargadh oibre fud fad na cathrach.

9. Inscne na bhfreagróirí

Mar a thaispeántar i bhFigiúir 5a agus 5b, mná a bhí i bhformhór na bhfreagróirí. 108 bean a d'fhreagair, nó 68.4%, i gcomparáid le 50 fear, 31.6% den iomlán.




Figiúr 5a



Figiúr 5b

10. Aois na bhfreagróirí

Iarradh ar na bhfreagróirí a chur in iúl cén aoisghrúpa lena mbaineann siad. Mar a léirítear i bhfigiúir 6, ba iad na bhfreagróirí idir 24-29 an grúpa is mó (50 freagra, 31.8%); sa dara háit is líonmhaire, bhí daoine idir 30-35 (43 freagra, 27.4%), ansin, sa tríú háit, 32 fhreagra (20.4%) ó dhaoine idir 18-23 bliain agus idir aois 36-41, fuarthas 28 bhfreagra (17.8%). Bhí líon níos lú de fhreagraí faighte againn ó na haoisghrúpaí ba shine, is iad, iardhaltaí ó na chéad laethanta nuair nach raibh áiteanna ar fáil sa Ghaeloideachas ach de dhornán de pháistí.



Figiúr 6 Aoisghrúpaí


11. Úsáid na Gaeilge

Cuireadh sraith de cheisteanna faoi ghnáthúsáid na Gaeilge. As 156 fhreagra don chéad cheist, dúirt 147 duine (94%) go n-úsáideann siad an Ghaeilge go minic nó ó am go chéile ina saol pearsanta féin.



Figiúr 7a

Ansin chuir muid ceist cé leo a úsáideann na freagróirí an teanga. As 149 bhfreagra, ba é an grúpa ba líonmhaire, ná freagróirí a úsáideann an Ghaeilge le cairde (86.6%). Ansin, sa dara háit, an chatagóir a roghnaíodh, úsáid na teanga ar na meáin shóisialta (69.1%). Bhí sé suimiúil le feiceáil go raibh cosúlacht sna céatadáin de fhreagróirí a úsáideann an teanga lena gcuid páistí (41.6%) agus lena dtuismitheoirí (44.3%). Tugann sé seo le fios go bhfuil aistriú na teanga idir glúine ag tarlú go pointe, idir an ghlúin níos sine agus an ghlúin níos óige araon. Caithfear a chur san áireamh dár ndóigh, b'fhéidir nach mbeadh páistí dá gcuid féin go fóill ag freagróirí sna haoisghrúpaí is óige.



Figiúr 7b

Dóibh siúd a dúirt nár úsáid siad an Ghaeilge ina saol pearsanta féin, (16 fhreagróirí) dúirt 13 daoine (81.3% dóibh siúd a d'fhreagair an cheist) nach mbíonn deis acu. Dúirt 4 daoine (25%) nach mbíonn siad muiníneach ina gcuid Gaeilge. Dúirt beirt (12.5%) nár mhaith leo an teanga a úsáid, agus d'fhreagair beirt (12.5%) go bhfuil cúiseanna eile acu gan an teanga a úsáid ina saol pearsanta.

Ar an cheistneoir, thug muid deis ansin do dhaoine a chur in iúl cad é a bheadh ina chuidiú dóibh dá mbeadh siad ag iarraidh an teanga a úsáid níos mó ina saol pearsanta. D'fhreagair 88 daoine an cheist seo, agus fuarthas freagraí suimiúla agus éagsúla. Leis na sonraí a thomhas, tá iarracht déanta againn na freagraí a bhriseadh síos i gcatagóir de réir chineál na ceiste a luaitear. Thagair roinnt de na freagróirí ar níos mó ná rud amháin a chuideodh leo an teanga a úsáid níos mó ina saol pearsanta.

Luann 20 freagra an gá atá le fáil ar sheirbhísí ar leith, nó ar níos mó seirbhísí trí Ghaeilge. Cé go dtagraíonn an chuid is mó de na freagraí seo do sheirbhísí a chuirfeadh an stát ar fáil de ghnáth, seirbhísí craoltóireachta san áireamh, tagraíonn roinnt eile go háirithe do sheirbhísí áitiúla agus do na hearnálacha miondíola, baincéireachta agus earnálacha eile nach iad. Ina theannta sin, luann 7 bhfreagróir eile go sonrath an gá atá le hacht na Gaeilge le cosaint reachtaíochta chuí a sholáthar do lucht labhartha na Gaeilge.

Thagair 20 freagróirí do níos mó deiseanna leis an teanga a úsáid, agus luaigh roinnt an gá le tuilleadh imeachtaí do theaghlaigh; nó d'acmhainní sóisialta ar leith, leithéidí ionaid Gaeilge, tithe tábhairne, nó ócáidí d'aoisghrúpaí ar leith, aoisghrúpa a mbaineann an freagróir leis (“do dhaoine ar aon aois liomsa”, ‘do dhaoine óga’ srl).

Suimiúil go leor, bhí líon sách ard de ráitis (16) maidir leis an chatagóir dhéimeagrafach, nó ‘pobail’. Tagraíonn roinnt daoine don gá atá le níos mó Gaeilgeoirí, nó gur chóir go n-úsáidfeadh níos mó daoine le Gaeilge an teanga. Déanann daoine eile nasc idir sin agus cúinsí pearsanta s’acu féin, ag lua céile nach bhfuil chomh líofa is atá na freagróirí féin, nó cairde nó baill teaghlaigh nach n-úsáideann an teanga. Déanann roinnt daoine eile ráitis chomh maith a bhaineann le stádas nó le hinfheictheacht na Gaeilge, agus tá 8 dtagairt a bhaineann go sonrath leis an ghá le timpeallacht atá níos ‘cairdiúla’ don Ghaeilge, le comharthaí Gaeilge ar fhoirgnimh, ar shráideanna, i siopaí agus in áiseanna áitiúla.

Áiríodh go raibh ardtábhacht chomh maith le cineálacha eile de chúinsí pearsanta, le 14 ráiteas ag díriú ar úsáid na Gaeilge nuair a chónaíonn nó a oibríonn daoine thar lear, nó nuair atá daoine anois ag cur fúthu i gceantar ina gcluintear an Ghaeilge go hannamh. Dar le roinnt de na freagróirí seo, bíonn tábhacht ar leith le cláir teilifíse Gaeilge, leis na meáin shóisialta agus le seirbhísí ar líne faoi na cúinsí seo.

I bhfianaise nach bhfuair b’fhéidir roinnt freagróirí ach bunscolaíocht trí Ghaeilge, roimh bhunú Choláiste Feirste, nó ar chúiseanna eile, agus go mbeadh anois b’fhéidir roinnt blianta curtha isteach ag daoine eile ag obair i dtimpeallacht lán-Bhéarla, fiú agus iar-bhunscolaíocht Ghaeilge faighte acu, ní ábhar iontais é go mbaineann 10 ráiteas le ranganna, le grúpaí comhrá nó le cúrsaí ar phraghas réasúnta le cumas nó le muinín i líofacht agus in úsáid na teanga a neartú.

Tagraíonn 3 fhreagróirí go sonrach go mbeadh sé ina bhuntáiste bheith in ann obair in earnáil na Gaeilge a aimsiú agus dá gcuirfeadh na háiteanna oibre go ginearálta fáilte agus spreagadh roimh úsáid na teanga idir an fhoireann agus cliaint / custaiméirí.

12. Breis agus Ardoideachas agus Traenáil

Chuir muid ceist cad é an Breisoideachas, an Ardoideachas agus Traenáil a bhí déanta ag freagróirí. D'fhreagair 141 duine an cheist seo, roinnt díobh a rinne réimse de cúrsaí staidéir agus a fuair níos mó ná cáilíocht amháin. Díobh siúd a d'fhreagair an cheist seo, fuair 102 duine (72.3%) céim ollscoile (bhí ceathrar ag staidéar go fóill nuair a d'fhreagair said an cheist seo); rinne 31 TICO (bhí ar dhuine amháin acu críoch a chur leis an chúrsa ag am an taighde); bhí cáilíochtaí LLM sa Dlí ag beirt; bhí céimeanna Máistreachta in ábhair éagsúla ag 8 (bhí duine amháin acu le críoch a chur leis an chúrsa ag am an taighde), agus ar na hábhair mháistreachta bhí, Leictreonaic, Seandálaíocht, Obair Shóisialta, Fiaclóireacht Chliniciúil, Dlí i leith Chearta an Duine agus Coireolaíocht; agus bhí céim dochtúra ag 5 fhreagróirí.

Ar na cáilíochtaí proifisiúnta, bhí cáilíochtaí ón Institute of Professional Legal Studies ag Ollscoil na Ríona, agus an Cáilíocht Proifisiúnta do Phríomhoidí.

Fuair 19 daoine dioplómaí éagsúla, agus duine amháin acu le críoch a chur leis an chúrsa ag am an taighde. Arís bhí réimse leathan d'ábhar i gceist: san áireamh bhí, Cumarsáid Fheidhmiúcháin, Staidéar na Tionsclaíochta; Bainistíocht agus Ceannasaíocht; Obair Shúgartha; Pleanáil Teanga; An Ghaeilge: Cearta agus Freagrachtaí srl.

Thagair triúr do Ard Dioplóma Náisiúnta i Ríomhaireacht, Sláinte agus Cúram Sóisialta, agus Sláinte agus Eolaíocht na Scéimhe.

Fuarthas réimse leathan de cáilíochtaí NVQ (Cáilíocht Náisiúnta Gairmoideachais), 10 gcinn i Riaracháin Gnó; 1 x leibhéal 1 i gCúram Leanaí; 7 x leibhéal 2 agus 10 x leibhéal 3 i gCúram Leanaí, le duine amháin le críoch a chur leis an chúrsa ag am an taighde. Bhí NVQ leibhéal 2 agus 3 sna Luath Blianta ag beirt agus bhí leibhéal 5 ag an tríú dhuine. Bhí leibhéal 2 ag beirt in Obair Shúgartha agus leibhéal 3 chomh maith ag duine amháin eile.

Bhí cúrsa ar leith déanta ag beirt faoi Shainriachtanais Oideachais agus bhí cáilíocht ó City and Guilds ag duine amháin eile.

Thagair roinnt fhreagróirí d'ábhar staidéar ach gan an cáilíochta a lua, mar shampla Bainistíocht na nAinmhithe Anois; Bitheolaíocht; Cearta agus Freagrachtaí; Staidéar na Meáin; Scileanna an Todhchaí; Traenáil do Thraenáilaithe; agus Feasacht ar Dhrugaí agus Alcól.

13. Teanga na gcúrsaí

Seachas na cúrsaí i dTeanga agus Litríocht na Gaeilge, nó bainteach léi mar chuid de chomhchúrsa, tá sé soiléir ó na freagraí go dteagascstar formhór mór na cúrsaí ag leibhéal chéim ollscoile go hiomlán trí Bhéarla.

Tá B.Ed agus cúrsaí TICO trí Ghaeilge ar fáil ag Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, agus dar le roinnt freagróirí fuair siad a gcuid cáilíochtaí ansin. Fuair roinnt freagróirí eile a gcáilíocht TICO trí Bhéarla ó institiúidí eile.

Thagair roinnt freagróirí do cháilíochtaí ar leith, leithéidí Cáilíochtaí Náisiúnta Gairmoideachais (NVQ), dioplómaí, GCSE nó A leibhéal a bhí á dteagasc trí Ghaeilge. Luaigh siad Gaelchúrsaí nó Forbairt Feirste mar sholáthraithe.

14. Fostaíocht ó fhágáil na scoile agus teideal gach phoist

Ba é teagasc in earnáil an Ghaeloideachais príomhchineál d'fhostaíocht, le 29% fostaithe, mar mhúinteoirí agus mar chúntóirí ranga. Bhí beirt fostaithe mar phríomhoidí. Bhí formhór na ndaoine ag obair in earnáil an Ghaeloideachais, le líon beag ag teagasc i scoileanna Béarla. Bhí beirt léachtóirí ollscoile ann. Luaigh triúir freagróirí Sainriachtanais Oideachais agus thagair roinnt eile d'obair óige. Bhí beirt dochtúirí agus beirt dlíodóirí ann. Bhí 10.3% nó 4 daoine de chuid na bhfreagróirí a dúirt go raibh siad ina mic léinn lán-aimseartha tríú leibhéal.

Maidir leis na poist eile, tá réimse leathan d'fhostaíocht i gceist, ó shlite beatha proifisiúnta go hobair san earnáil mhiondíola; sna hinstitiúidí polaitiúla ar an oileán seo agus thar lear; nó taobh istigh de ranna rialtais sna sé chontae; obair thógála; obair aíochta agus i mbeáir; conarthaí le háisíneachtaí oibre; ionaid ghlaonna; obair i dteicneolaíocht faisnéise; dearadh; ríomhchlárúchán agus bogearraí; poist éagsúla sna meáin chumarsáide; poist san earnáil dheonach Ghaeilge agus Bhéarla; obair

san earnáil airgeadais; obair riaracháin; slite beatha bainteach le brainsí éagsúla na n-eolaíochtaí; cúram sláinte; comhairle agus obair thacaíochta; obair sna healaíona agus i gceol. Thagair roinnt freagróirí do thréimhsí ag obair thar lear i gcáileanna éagsúla. Mar gheall ar chineál an tsuirbhé, bheadh sé dodhéanta liosta a thabhairt de na poist seo uilig gan daoine aonair a shainnint. Mar sin féin, in ainneoin an easpa cosanta reachtaíochta agus an easpa seirbhísí trí Ghaeilge, léirítear go soiléir le réimse leathan na slite beatha a luann na freagróirí go ndearna agus go ndéanann an Gaeloideachas a chuid daltaí a chumasú ionas go n-éireoidh leo, taobh istigh agus taobh amuigh d'earnáil na Gaeilge, go háitiúil, go náisiúnta agus níos faide ar shiúil.

Tá seans níos mó ann go mbeadh líon níos lú de phoist ag an aoisghrúpa thar 30 bliain, mar go raibh poist pháirt-aimseartha ag beagnach gach duine sna haoisghrúpaí níos óige agus iad ag staidéar. Bhí triúir a dúirt go raibh siad ar fáil le glacadh le hobair lán-aimseartha nach raibh ag obair ach go páirt-aimseartha.


Níor thagair duine ar bith do phost deonach (gan pá) mar phríomhról, rud atá suntasach dóibh siúd a bhí baint acu le gluaiseacht na Gaeilge óna tús nuair b'annamh post le tuarastal a fháil. Thagair roinnt daoine d'obair dheonach a rinne siad roimhe, áfach, agus dúirt duine amháin a bhí go fóill ag staidéar go ndéanann sé/sí obair dheonach faoi láthair.

Dúirt triúir a líon isteach an suirbhé go raibh siad fostaithe go lán-aimseartha ach níor thug siad tuilleadh eolais. Is fiú a lua nár chuir freagróir ar bith in iúl go sonrach gur oibrigh siad 'sa bhaile'; nó go raibh cúraimí linbh lán-aimseartha acu sa bhaile. Bheadh tuilleadh taighde de dhíth le fail amach go cén pointe a mbeadh sé seo ionadaíoch ar iardhaltaí de chuid an Gaeloideachas sa chathair.

15. Taithí san Áit Oibre


I dtaca leis na 5 phost ba thábhachtaí do fhreagróir go dtí seo, chuir muid ceist cé acu an poist lán-aimseartha iad nó poist pháirt-aimseartha. Tháinig patrún suntasach amach. I ngach catagóir de thábhacht, uimhrithe ó 1-5, bhí poist lán-aimseartha ina bhformhór. Ach de réir mar a d'éirigh na poist níos tábhachtaí dar leis an fhreagróir, d'éirigh an bhearna idir poist lán-aimseartha agus poist pháirtaimseartha níos leithne. Don phost ba thábhachtaí, d'fhreagair 112 duine gur post lán-aimseartha a

bhí ann, agus d'fhreagair 40 (26.3%) gur post páirtaimseartha a bhí ann. Don phost sa cúigiú háit áfach, dúirt 23 daoine gur post lán-aimseartha a bhí ann, i gcomparáid le 14 a dúirt gur post páirt-aimseartha a bhí ann. (37.8%)




Figiúr 8a

Cuireadh ceist ar na freagróirí ansin, i dtaca leis na 5 phost is tábhachtaí, an post buan, conradh ar théarma seasta a mhair suas go 3 bliana nó níos faide, conradh seasta le haghaidh bliain amháin, conradh níos lú ná bliain, gan conradh ar bith, nó faoi choinníollacha eile. Mar a léiríonn Figiúirí 8b agus 8c, i ngach chás, d'fhreagair an líon is mó daoine gur post buan a bhí faighte acu, agus cé gur thit líon na ndaoine le post buan de réir mar a d'ísligh 'tábhacht' an phoist, (80 le post buan i gcás an phoist is tábhachtaí, i gcomparáid le 10 i gcás an phoist sa cúigiú háit), tá an figiúr seo go fóill suntasach. Ar an taobh eile, is cúis imní é le feiceáil an méid daoine a d'fhreagair nach raibh conradh ar bith acu (16 daoine) i dtaca leis na 3 phost is tábhachtaí dóibh. I ngach cás chomh maith, bhí líon níos airde de fhreagróirí nach raibh ach conradh bliana acu ná mar a bhí conradh suas go 3 bliana nó níos faide.




Figiúr 8b



Figiúr 8c

Le tuilleadh eolais a bhailiú, chuir muid ceist eile, i gcás gach poist, an post le tuarastal é, obair dheonach, intéirneacht nó cineál eile d’fhostaíocht. Arís, d’fhreagair líon suntasach de dhaoine go raibh tuarastal i gceist, agus cé go raibh líon na ndaoine a rinne obair dheonach measartha beag, bhí an cineál seo d’obair luaite i gcás gach ceann de na 5 phost. Feictear chomh maith i bhFigiúr 8d go bhfuil líon beag de dhaoine a bhfuil intéirneachtaí acu, fiú i gcás an phoist ‘is tábhachtaí’

díobh, agus ós rud é gur feiniméan nach dtáinig ach le déanaí, is gné seo a d'fhéadfadh fás as seo amach.




Figióir 8d

16. Teanga na Láithreach Oibre

Chuir muid ceist cad é príomhtheanga na láithreach oibre do na freagróirí agus suimiúil go leor, d'fhreagair 51.6% 'gurb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga oibre. D'fhreagair 40% gurb é an Béarla. D'fhreagair na daoine eile nach iad go raibh an dá theanga in úsáid. Dar ndóigh, is fiú a aithint gurb é earnáil an Ghaeloideachais an earnáil fhostaitheora shingil is mó do lucht labhartha Gaeilge, earnáil ina mbeadh an Ghaeilge in úsáid mar phríomhtheanga, gan amhras. Ar bharr sin, caithfear a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar na figiúirí seo, rannpháirt gníomhach na nGaelscoileanna agus na ngrúpaí Gaeilge sa taighde. Níl aon amhras ann, i dtaca le fíordheiseanna fostaíochta de, go bhfuil i bhfad níos lú acu ann i dtimpeallacht Ghaeilge ná mar atá i dtimpeallacht Bhéarla. Agus sin ráite, ta sé tábhachtach chomh maith a aithint go bhfuil an chuma air go roghnaíonn formhór na bhfreagróirí leanúnachas ón Ghaeloideachas go timpeallacht fhostaíochta Ghaeilge. Ina theannta sin, tá sé soiléir ón 40% de fhreagróirí a oibríonn den chuid is mó i saol an Bhéarla, go ndearna an Gaeloideachas iad a chumasú ionas go n-éireoidh leo i réimse d'obair trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.


Príomhtheanga oibre / Main workplace language




Figióir 9a

Le tuilleadh eolais níos doimhne a bhailiú, chuir muid ceist ar úsáid na Ghaeilge ag freagróirí san áit oibre, agus cé leis. D'fhreagair 128 daoine an cheist seo. Dúirt an líon is airde de dhaoine (108 daoine, 84.4%) go n-úsáideann siad an teanga le comhghleacaithe, le 91 duine (71.1%) ag trácht ar úsáid na teanga le grúpaí Gaeilge. Dúirt 87 daoine (68%) go n-úsáideann siad an teanga le húsáideoirí seirbhísí nó le custaiméirí, agus dúirt 72 dhuine (58.3%) go n-úsáideann siad í le bainisteoirí.

Líon / number




Figióir 9b




Figiúr 9c

Ansin, chuir muid ceist orthu siúd nár úsáid an Ghaeilge sa láthair oibre, cé acu ar mhaith leo í a úsáid nó nár mhaith. D'fhreagair 55 daoine an cheist seo, agus dúirt formhór mór (40 daoine, 72.7%) gur mhaith leo.



Figiúr 9d



Figiúr 9e

D'iarr muid ar na freagróirí cad é a chuideodh leo an teanga a úsáid san áit oibre. Fuarthas 66 fhreagra; dúirt 9 daoine nár bhain an cheist leo; tríú astu siúd a shonraigh go n-úsáideann siad an Ghaeilge san áit oibre. D'fhreagair freagróir amháin go simplí, 'Stát Seirbhís' gan míniúchán ar bith eile. Dúirt freagróir amháin eile nár bh féidir le rud ar bith a bheith ina chuidiú de bhrí nach raibh an Gaeilge ach ag beagán daoine sa cheantar ar leith sin, agus dúirt ceathrar eile go raibh siad ag cur fúthu thar lear. D'fhreagair triúr eile nach dtiocfadh le rud ar bith cuidiú leo an teanga a úsáid san áit oibre, ach níor thug siad tuilleadh eolais.

Chuir 19 bhfreagróir in iúl go gcuideodh sé dá mbeadh líon níos mó de Ghaeilgeoirí ag obair ina n-áit oibre féin, agus dá mbeadh beartais thacúla san ionad oibre. Thagair 5 daoine don ghá le cur in iúl go bhfuil Gaeilgeoirí fostaithe i ról ar leith le húsáideoirí seirbhíse a spreagadh le seirbhísí a lorg i nGaeilge, trí chomharthaíocht, suaitheantais agus infheictheacht na Gaeilge. Dúirt 12 duine go mbeadh sé ar a leas san áit oibre dá mbeadh níos mó Ghaeilgeoirí sa tsochaí go ginearálta agus ina gceantair féin chomh maith. Chuir beirt freagróirí le fios gur chóir go gcuirfeadh earnálacha ar leith úsáid níos leithne Gaeilge san áireamh ina mbun oibre, mar shampla, sna forais airgeadais agus miondíola srl.

Rinne 4 freagróirí ráitis faoi líon na gcainteoirí Gaeilge go ginearálta, agus an gá le 'normálú' úsáid na teanga mar gné níos coitianta an tsaoil. Mhaígh freagróir eile go

gcuideodh comharthaíocht le briseadh síos na steiréitíopaí, agus go gcuideodh sé leis an tuiscint nach ‘teanga mharbh’ a bhí sa Ghaeilge.


Dar le seisear, go mbeadh reachtaíocht agus / nó seirbhísí ina gcuidiú. Dúirt duine acu go gcuideodh infheictheacht na Gaeilge ar ábhar clóite leis an steiréitíopa a athrú nach n-úsáidtear an teanga ach mar ‘sheasamh polaitiúil’. Thagair beirt eile do dheiseanna breise, mar shampla ciorcail chomhrá, aitheantas trí dhuaiséanna, leithéidí Gaeilgeoir na Míosa, imeachtaí sóisialta d’fhoghlaimoirí nó dóibh siúd a bhí ag iarraidh an teanga a fhoghlaim.

Luaigh 6 daoine fadhbanna maidir le muinín agus cumas agus an gá le tacú ar bhonn leanúnach le feabhas na líofachta agus na cruinnis sa Ghaeilge, chomh maith leis an ghá le bogearraí ríomhaireachta agus le háiseanna a bheadh ina gcuidiú le tascanna riaracháin.

Thagair triúr freagróirí don chineál oibre a bhí ar bun acu, nó gur mhaith leo a aimsiú. Dúirt duine amháin go gcuideodh poist bhuana nó poist mhúinteoireachta do lucht labhartha Gaeilge. Dar le duine eile, dá gcuirfeadh na meáin níos mó spéise sa chineál oibre a bhí ar bun ag an fhreagróir féin go mbeadh sé ina bhuntáiste. Dúirt duine amháin eile go mbeadh rochtain ar thuilleadh deiseanna oibre dá mbeadh scoileanna ag teagasc cineál ar leith ceoil trí Ghaeilge.

An Obair sa Todhchaí

Chuir muid ceist ar na fhreagróirí, ar mhaith leo a bheith ag obair trí Ghaeilge as seo amach. D’fhreagair 146 daoine an cheist seo. Dúirt 122 daoine (83.6%) gur mhaith.



Figiúr 9f


Dúirt 21 dhaoine go mbraitheann sé ar an phost féin. D'fhreagair líon beag de dhaoine (7 bhfreagróirí, 4.8%) nár mhaith leo.

17. Tréimhsí na dífhostaíochta

Mheas muid go mbeadh tábhacht le ceisteanna a chur san áireamh faoi dhífhostaíocht chomh maith le fostaíocht. Mar sin, bhí dá cheist ann d'fhreagróirí nach raibh obair le pá acu le fáil amach cá huair a raibh siad dífhostaithe, agus cé chomh fada is a mhair na tréimhsí dífhostaíochta seo.


Tá sé suimiúil tabhairt fá dheara nach raibh freagróirí dífhostaithe níos mó ná 3 bliana ach ina gcéad tréimhse dífhostaíochta. Sa tréimhse chéanna, dúirt 10 daoine go raibh siad dífhostaithe níos faide ná 2 bhliain. Sna tréimhsí ina dhiaidh sin, titeann líon na ndaoine a raibh achair fhada dífhostaíochta acu go suntasach, cé gur fiú a lua chomh forleathan is atá sé go fóill, feiniméan na dtréimhsí gan pá.

Dar ndóigh, cuimsíonn an taighde achar ama ó na 1970í go dtí an lá inniu agus tá sé tábhachtach a aithint go dtáinig athruithe substaintiúla le linn an ama sin ar chúrsaí eacnamaíochta agus ar dheiseanna fostaíochta d'fhormhór an phobail.




Figiúr 10a

D'fhiosraigh muid ó na freagróirí a chláraigh go raibh siad dífhostaithe seal, cérbh iad na tréimhsí is measa dóibh ó thaobh na dífhostaíochta de. Fuarthas 65 fhreagra



Figiúr 10b

ar an cheist seo. Is féidir a mhaíomh go bhfuil líon na ndaoine a d'fhulaing tréimhsí dífhostaíochta ag teacht le líon na bhfreagróirí sna haoisghrúpaí éagsúla sa dóigh is gur fhreagair 24 duine (36.9%) go raibh tréimhsí dífhostaíochta acu idir 2015-7, agus 22 duine (33.8%) idir 2011-14. D'fhreagair 29 daoine eile (44.6%) go raibh siad dífhostaithe idir 2006-15.



Figiúr 10c

Ábhar spéise atá ann, níor ndúirt oiread is freagróir amháin go raibh siad dífhostaithe idir 1983-6 nó 1987-90, tréimhsí aitheanta na hard-dífhostaíochta. Baineann na tréimhsí seo áfach le chéad laethanta an Ghaeloideachais agus tagann líon na

bhfreagróirí sna haoisghrúpaí seo le líon measartha beag na ndaltaí a d'fhágfadh an oideachas agus bunscolaíocht trí Ghaeilge críochnaithe acu sa chathair.

Agus an líon is mó d'fhreagróirí ag tuairisciú tréimhsí dífhostaíochta sna blianta beaga anuas, tá sé réasúnta, is dócha tabhairt fá dheara go n-imríonn aois na bhfreagróirí tionchar ar na staitisticí. D'fhás earnáil an Ghaeloideachais agus ciallaíonn sin go bhfuil níos mó iardhaltaí, agus dá réir sin, tá níos mó freagróirí in aoisghrúpaí ar leith, ach iad sa mhargadh oibre le tamaill i bhfad níos gairide.

18. Tátail an taighde

Léiríonn an taighde forbairt an Ghaeloideachais sa chathair go ginearálta, ar bharr ar bhorradh líon na bpáistí atá ag freastail ar bhunscoileanna Gaeilge. Tá éileamh soiléir ar an leanúnachas oideachasúil i ndiaidh laethanta na bunscolaíochta agus roghnaíonn neart daoine iar-bhunscolaíocht Ghaeilge. Tá sé soiléir gur áis scileanna atá sa phobal óg atá ag teacht chun cinn fríd an Ghaeloideachais, áis don mhargadh oibre san am i láthair agus don todhchaí, agus gur chuid bhríomhar é a chuireann le héagsúlacht na cathrach. Mar sin, aimsíonn an taighde na deiseanna atá ann do Chomhairle Bhéal Feirste agus d'fhorais eile rialtasacha a bhfuil dualgais orthu i leith na forbartha eacnamaíche, an dea-chaidrimh, agus na pleanála pobail, le seirbhísí a fhorbairt agus a fheabhsú a chuireann pobal na Gaeilge san áireamh, fud fad na cathrach.

D'fhéadfadh sé go bhfuil anois iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais ina gcónaí taobh istigh de limistéar reatha Chomhairle Bhéal Feirste, agus gur chuir siad fúthu i gceantair eile fud fad na cathrach, agus in áiteanna eile taobh amuigh dá teorainn roimhe seo, agus iad ag taisteal le leas a bhaint as an Ghaelscolaíocht i scoileanna na cathrach. Cé nach féidir brath ar na cóid phoist amháin mar chomhartha ar réimse iomlán na gcúinsí socheacnamaíochta, chónaigh a lán iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais le 45 bliana anuas i gceantair aitheanta an il-anáis. Dár ndóigh, tá na Gaelscoileanna féin ar fad lonnaithe ina leithéid de cheantar.

Tháinig athruithe dearfacha ar stádas na Gaeilge agus an Ghaeloideachais le 45 bliana anuas. Mothaítear meon an chumais agus na muiníne ó chuid mhaith freagraí an taighde. Dá ainneoin sin, tá tuiscint an imeallaithe agus an eisiata ón phobal i

gcoitinne. Sa tátail taighde, cuirtear béim ar bhuarthaí na bhfreagróirí faoin easpa cosanta reachtaíochta atá ann don teanga agus faoi ghanntanas agus dhofheictheachta na seirbhísí trí Ghaeilge go háitiúil. Is cosúil gur dócha, i gceantair an il-anáis, áiteanna ina bhfuil de ghnáth éileamh níos airde ar sheirbhísí tacaíochta, go n-imríonn ganntanas a leithéid seo de sheirbhísí trí Ghaeilge tionchar níos measa. Tá éileamh thar na bearta ó fhreagróirí ar thuilleadh seirbhísí agus ar thuilleadh tacaíochta do phobal na Gaeilge, ina theannta sin, éilíonn siad ‘normálú’ na teanga sa saol poiblí trí reachtaíocht, infheictheacht níos suntasaí, agus forbairt ar sheirbhísí nua feabhsaithe. Ar na mallaibh, thacaigh Comhairle Bhéal Feirste le reachtaíocht Ghaeilge agus beidh sé ag ceapadh Oifigeach Gaeilge as seo amach. Ina ról phleanáil phobail, tá deis aige a chinntiú go bhfuil raon leathan de sheirbhísí poiblí atá oiriúnach agus ag teacht le riachtanais lucht fágáil na Gaelscolaíochta chomh maith lena dteaghlaigh.

Léiríonn freagróirí réimse leathan de thaithí fostaíochta. Nochtann ár dtaighde gairmithe, státseirbhísigh, riarthóirí, miondíoltóirí, ealaíontóirí, speisialtóirí san eolas digiteach agus teicneolaíochta, oibríthe óige, múinteoirí, oibríthe san earnáil aíochta, gairmithe sláinte agus srl. Tá ardchéatadán d’oideachas Tríú Leibhéal agus cáilíochtaí i réimse leathan speisialtóireachta agus gnéithe an tsaoil. Roimhe seo, áfach, ní raibh ach líon iontach beag de chúrsaí ar fáil trí Ghaeilge agus go fóill bíonn an rogha iontach teoranta. Go ginearálta, is iad de gnáth na cúrsaí tríú leibhéal amháin atá ar fáil trí Ghaeilge, na cúrsaí céime nó diplóma i dTeanga agus i Litríocht na Gaeilge, in amanna le speisialtóireacht eile curtha leo, mar shampla Staidéar Gnó, nó na cúrsaí iar-chéime san Aistriúchán nó in ábhair ghaolmhara eile, leithéidí Pleanáil Teanga. Cuireann freagróirí béim chomh maith ar thábhacht na n-áiteanna ar an B.Ed agus TICO Oideachas Tosaigh Múinteoireachta trí Ghaeilge ag Coláiste Ollscoile Naomh Muire.

D’fhreastail freagróirí agus fuair cáilíochtaí i réimse teoranta de chúrsaí traenála trí Ghaeilge, curtha ar fáil ag an eagraíocht Gaelchúrsaí / Forbairt Feirste. Is cosúil, áfach, 45 bliana i ndiaidh bhunú an chéad gaelscoile i mBéal Feirste, ní bhíonn soláthróir eile traenála ná scileanna sa chathair ag cur ar fáil réimse de chúrsaí traenála trí Ghaeilge d’iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais sa chathair. Bíonn éagsúlacht na cathrach ag síorfhás. Le níos mó tacaíochta a sholáthar, agus mar gheall ar a chuid tionscnamh in acmhainniú an phobail, i bhforbairt eacnamaíochta

agus i pleanáil phobail, ba chóir do Chomhairle Bhéal Feirste spreagadh a thabhairt do na ranna rialtais gaolmhara agus do na hinstiúidí tríú leibhéal chun iniúchadh a dhéanamh ar riachtanais traenála trí Ghaeilge agus tacaíocht a chur ar fáil le cúrsaí nua a fhorbairt do na margaí atá ag teacht chun cinn.

Faoi láthair, tá formhór na bhfreagróirí (51.6%) in ionaid oibre ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga na láithreach oibre. Dúirt siadsan, mar aon le roinnt den 40% nach n-oibríonn den chuid is mó i dtimpeallacht Ghaeilge, go n-úsáideann siad an teanga le comhghleacaithe (84.4%), bainisteoirí (58.3%), úinéirí comhlachta (28.9%), custaiméirí (68%) agus grúpaí Gaeilge (71.1%). Léiríonn sé seo ní amháin go mbíonn iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais ag baint ard-úsáid go leanúnach as an Ghaeilge san áit oibre, ach ina theannta sin, tugann sé blaiseadh de na deiseanna forleathana atá ann do dhaoine agus iad i mbun gnó ó lá go lá, teacht i dteagmháil leis an Ghaeilge. As an líon beag de dhaoine (16 fhreagróirí) a dúirt nach n-úsáideann siad an Ghaeilge san áit oibre, dúirt 72.7% acu gur mhaith leo í a úsáid. Ar na tionscnaimh a chuideodh leo é seo a dhéanamh, luainn siad infheictheacht níos fearr don teanga, beartais dhearfacha sa láthair oibre, ardú feasachta go bhfuil Gaeilgeoirí ar fáil i róil ar leith le go spreagadh sé custaiméirí le seirbhísí a lorg i nGaeilge, ranganna comhrá agus ábhair tacaíochta teanga, chomh maith le himeachtaí sóisialta san áit oibre dóibh siúd a ba mhaith leo an teanga a fhoghlaim. Nuair a cuireadh ceist orthu ar mhaith leo a bheith ag obair le Gaeilge as seo amach, tá sé suntasach go ndúirt 122 daoine (83.6% dóibh a d'fhreagair an cheist seo) gur mhaith.

Níl úsáid na Gaeilge i measc na bhfreagróirí teoranta go dtí an láthair oibre, áfach. D'fhiosraigh muid ar úsáid na freagróirí an teanga go minic nó go hannamh ina saol pearsanta féin. Dúirt 94% go n-úsáideann. Chuir céatadán iontach ard (86.6%) go n-úsáideann siad í le cairde, ar na meáin shóisialta (69.1%) agus lena gcuid páistí (41.6%) nó lena dtuismitheoirí (44.3%). Níl amhras ar bith ann ach go gcuireann an Ghaeilge le beocht na cathrach seo agus go dtugann an fhírinne seo deiseanna do Chomhairle Bhéal Feirste agus dreamanna eile nach í, le cur le forbairt tionscnamh, beartas, agus dea-chleachtas a dtacaíonn réimse iomlán de sheirbhísí agus do sholáthar don phobal ar fad, pobal na Gaeilge san áireamh.

19. Moltaí

1. I bhfianaise a chuid freagrachtaí i dtaca le hacmhainniú an phobail, forbairt eacnamaíoch agus pleanáil phobail de, go ndéanann Comhairle Bhéal Feirste comhordú, le háisíneachtaí cuí eile, forbairt de réimse leathan de thionscnaimh nua, dírithe ar sholáthar seirbhísí d'iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais sa chathair, leis na gníomhartha seo a éascú:
 - Idirghabháil le soláthraithe Ardoideachais agus Breisoideachais agus soláthraithe traenála agus scileanna le forbairt réimse leathan de chúrsaí cuí trí Ghaeilge a chinntiú
 - Idirghabháil le réimse leatha d'áisíneachtaí forbairt eacnamaíochta agus fostóirí le bearna sa mhargadh oibre a aimsiú chomh maith le bealaí éifeachtacha le tabhairt fúthu
 - soláthar na seirbhísí tacaíochta oideachais cuí, comhairle ghairmthreorach, agus comhairle traenála agus fostaíochta
2. Trí Chomhlachas Tráchtála na cathrach, idirghabháil agus ardú feasachta a dhéanamh le gnóthaí na cathrach faoi bhuntáiste infheictheacht na Gaeilge sa saol poiblí agus gnó, agus na buntáistí a bhaineann le beartais dhearfacha sa láthair oibre i leith na Gaeilge
3. Rannóg nua a bhunú taobh istigh de Chomhairle Bhéal Feirste le freagracht ar leith maidir le comhordú na dtionscnamh idir-ranna: an Ghaeilge agus forbairt pobail; an turasóireacht; na healaíona; an Ghaeilge agus Forbairt Eacnamaíoch, Traenáil agus Fostaíocht
4. Breis tacaíochta a chur ar fáil do thaighde cuí sna buntáistí a dtig leis an Ghaeilge a thabhairt do shaol na cathrach
5. Critéir a aithníonn bresilúach na Gaeilge a fhorbairt taobh istigh de gach scéim mhaoinithe de chuid na Comhairle, an scéim bhunmhaoinithe ilbhliantúil san áireamh
6. Traenáil agus cúrsaí feasachta teanga a chur ar fáil d'fhoireann na Comhairle agus do chomhairleoirí

Buíochas

Ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil le maoinitheoir an taighde seo, Comhairle Bhéal Feirste a thug deontas dúinn faoina chlár, Acmhainniú an Phobail. Ar mbuíochas chomh maith le hiardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais as ucht a gcuidithe leis an taighde seo. Thug príomhoidí, múinteoirí agus foirne na nGaelscoileanna sa chathair tacaíocht as cuimse dúinn, mar aon leis na grúpaí Gaeilge. Thug Eibhlín Mhic Aoidh ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire comhairle iontach luachmhar dúinn, mar a thug Seán Mac Corraidh agus Ciarán Ó Pronntaigh ón Choláiste agus ó CATOC. Fuair muid eolas úsáideach ó Tharlach Mac Giolla Bhríde agus ó Zoie Nic Amhlaoidh ó Chomhairle na Gaelscolaíochta agus ó Cholma Mhic Aoidh ó Ghaelchúrsaí. Chuidigh Mary Delargy go mór le hanailís a dhéanamh ar roinnt thorthaí an taighde. Fuarthas eolas agus teagmhálaithe fiúntacha ó phobal na Gaeilge – go raibh maith agaibh uilig! Chuidigh na meáin linn eolas a scaipeadh faoin togra chomh maith agus buíochas ar leith do nuacht TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, don chlár Blas de chuid an BBC, do Raidió Fáilte, do Ghrúpa na Meáin Bhéal Feirste, don Irish News, agus do na meáin uilig eile. Mo bhuíochas féin do choiste POBAL as ucht a thacaíochta.